Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2026
(OR. en)

8496/26

CDR 77

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhalta agus comhalta malartach, arna moladh ag Poblacht na hOstaire, de Choiste na Réigiún |

1. I litir dar dháta an 26 Bealtaine 2026[1], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Peter KAISER, comhalta de Choiste na Réigiún, a cheapadh agus ar dá bhun a ceapadh é.

2. I litir dar dáta an 29 Bealtaine 2026[2], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh Herwig SEISER, comhalta malartach de Choiste na Réigiún, ag éirí as oifig.

3. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapfaidh comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

[1] 9347/26.
[2] 9351/26.

4. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur in ionad Peter KAISER, mhol Rialtas na hOstaire[3] Daniel FELLNER, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, *Landeshauptmann von Kärnten, Kärntner Landesregierung* (Gobharnóir Kärnten, Státrialtas Kärnten), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030.

5. Sa bhreis air sin agus chun comhalta a chur in ionad Herwig SEISER, mhol Rialtas na hOstaire3 Peter REICHMANN, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, *Landesrat der Kärntner Landesregierung* (Comhalta de Státrialtas Kärnten), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030.

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh, mar a leagtar amach in 8495/26 é, agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

---

[3] 8745/26.